

Ransú Smaointe



Is próiseas é Ransú Smaointe a spreagann scoláirí chun **smaointe a ghiniúint** ar bhealach **cruthaitheach**.

Tugann sé deis do scoláirí **athchuidneamh** ar réamheolas agus **naisc** a dhéanamh leis an topaic reatha.

- Mínigh go cúramach an cheist atá le cioradh/ransú chun a oiread smaointe agus is féidir a ghiniúint.
- Socraigh teorainn réadúil ama, timpeall 10/15 nóiméad.
- Cuir in iúl nach bhfuil aon fhreagraí cearta ná míchearta ann chun na scoláirí a spreagadh le bheith rannpháirteach.
- Oibríonn na scoláirí ina n-aonar, i bpéirí nó i ngrúpaí.
- Comhordaíonn agus bainistíonn an múinteoir an seisiún ransú smaointe gan a t(h)uairimí féin a chur i láthair na scoláirí.


Leideanna

- Gineann scoláirí atá ag comhoibriú i ngrúpaí neart smaointe. Cinntigh go mbíonn deiseanna ag na scoláirí uile a bheith ag comhroinnt.
- Tá cur chuige éagsúil ann darb ainm "Modh na Pióige". Tarraing ciorcal agus cuir an topaic ina lár. Roinn an ciorcal ina 4 nó 5 chuid, gach ceann acu sin ina fhothopaic. Déanann na scoláirí ransú smaointe ar gach fothopaic.
- Is cur chuige eile é "Modh an Chárta". Scríobhann scoláirí a gcuid smaointe ar chárta agus cuireann timpeall deiseal é. Léann an chéad scoláire eile na smaointe agus cuireann leo. Cuirtear na cártaí timpeall ar an rang ionas gur féidir le gach scoláire a bheith rannpháirteach.
- Is féidir ransú smaointe a úsáid mar spreagthach don scríbhneoireacht chruthaitheach nó fheidhmiúil, d'fhorbairt an fhocalstóir ar thopaic i dteangacha nó d'ábharthacht fionnachtana eolaíochta lenár saol.
- Is cur chuige eile fós é an straitéis seo a dhéanamh ar líne, féach an straitéis ar Tháibléad Glúine.



Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie



Príomhscileanna

- ▶ Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ Cumarsáid
- ▶ A bheith liteartha
- ▶ A bheith cruthaitheach

Acmhainní

- ▶ Clár bán
- ▶ Marcóir

Leagan amach an tseomra

Más grúpobair atá ann, eagraigh na scoláirí i ngrúpaí de 2 nó 4.

Measúnú

Breathnaíonn agus éistean an múinteoir le freagraí na scoláirí ar an gceist atá idir lámha.

Tacú le hobair baile

Is féidir obair baile a bhunú ar na freagraí éagsúla a ghintear tríd an ngníomhaíocht seo.